

"Is aoir é an dán Mo Ghrá-sa (idir lúibíní) ar na seandánta grá" *(the poem Mo Ghrá-sa is a satire of the old love poems)*

Rinne mé staidéar ar an dán Mo Ghrá-sa (idir lúibíní) le Nuala Ní Dhomhnaill. Is léir gur aoir (satire) é an dán seo ar na seandánta grá (old love poems) gan amhras ar bith. Is é an grá téama an dáin seo ach ní dán grá nósmahar coinbhinsiúnach (conventional love) é, mar tá an file ag aoradh (satirising) na seandánta grá.

I dtús báire, sna seandánta grá, cuireadh an-bhéim ar thréithe fisiciúla (physical traits) an duine. Ar ndóigh, ba iad na fir a scríobh na seandánta sin agus bhí sé de nós acu na mná a chur i gcomparáid le gnéithe éagsúla den dúlra (compared to different aspects of nature), ar nós "bláth na n-airní". Áfach sa dán seo, tosaíonn an file an dán ar nóta diúltach (starts the poem on a negative note), agus chomh maith leis sin, bean atá ag caint ann. Níl an fear seo dathúil tarraingteach (attractive) in aon chor, an mhalairt ar fad atá fíor (the complete opposite is true). Níl an gaol (relationship) chomh maith le "nóiníní", ach fásfaidh siad "as a chluasa" (they grow out of his ears). Léiríonn sé seo gur aoir é an dán seo ar na seandánta grá, mar tá an dán seo an-difriúl agus greannmhar (humorous).

D'fhéadfá a rá gur dán frithghrá (true love) é an dán seo freisin, mar bíonn an file ag smaoineamh ar rudaí atá níos tábhachtaí (more important things) ná a bheith dathúil sa saol agus mar thoradh air seo, tá sé soiléir gur aoir é. Sna seandánta grá, moladh gnéithe fisiciúla (praised the physical aspects) an leannáin thar aon rud eile. Sa dán seo, tá an cur síos fíochmhar agus gránna (horrible), agus tá a ghruaig cosúil le "wire deilgní" in ionad "síoda" (silk). Ach deir an file linn "is cuma sin", mar tugann sé aire mhaith di (he takes care of her), ag bronadh úlla nó caora finiúna (grapes) uirthi. Seasann na rudaí sin (these things stand for) do riachtanaisí na beatha agus do shónna an tsaoil (luxuries of life), rudaí a thugann a grá di. Is féidir léi brath air, agus is é sin an fíor-ghrá.

Is dócha go bhfuil an file ag magadh (mocking) faoi na seandánta grá agus faoin úsáid a baineadh as samhlacha bunaithe ar an dúlra (images based on nature) iontu. De ghnáth, bhí tagairt do na hairní an-choitianta (common) ann, ach tá Ní Dhomhnaill á n-aoradh anseo : "Níl mo ghrá-sa mar bhláth na n-airní". Tá sí ag aoradh na seandánta mar, dar léi, is cuma sa diabhal an mbreathnaíonn duine cosúil le síoda air / uirthi mura bhfuil an duine sin cneasta cineálta.

Déan plé ar an úsáid a bhaineann le lúibíní: (the usage of brackets)

Sa dán seo, cuireann na luibíní in iúl (convey) go bhfuil grá aici dá fear, ach go bhfuil a fhios aici nach bhfuil a grá foirfe (she knows it is not perfect love).

Tuigimid ón teideal nach gnáthdhán grá é an ceann seo mar gheall ar na lúibíní. Baineann an file úsáid as na lúibíní tríd síos an dáin chun na hagúis atá aici a léiriú. Tá sé soiléir nach bhfuil gach duine foirfe agus go bhfuil sí réalaióch (realistic) faoin ngrá. Cuireann na lúibíní le greann agus éadroime an dáin, mar shampla nuair a deir sí nách bhfuil a leannán “mar bhláth na n-airní”, agus ansin “(nó ar chrann ar bith)”. Úsáideann sí iad chun a léiriú cad a cheapann sí mar gheall ar a leannán agus a ngaol.

Cuireann na lúibíní eile sa dán in iúl chomh hamaideach (idiotic) is atá a lán de na coinbhinsiúin (conventional) a bhaineann leis an ngrá. Tá sí ag tabhairt fogha faoin mbéim (emphasis) sheafóideach a cuireadh agus a chuirtear ar thréithe fisiciúla (physical traits). Leis na lúibíní, tá an file ag aoradh dearcaidh (criticising the outlook) na coitiantachta sa lá atá inniú ann freisin a chuireann an-bhéim ar chuma fhoirfe an duine seachas ar charachtar an duine. Déanann sí cur síos áiféiseach (ridiculous description) agus magúil ar lochtanna an leannáin (the faults of the lover), mar shampla “tá ribí a ghruaige (mar bhean dhubh Shakespeare)”. Tá sé soiléir (clear) go gcuireann na luibíní le greann agus go gcuireann siad béim ar (puts emphasis on) an fíor-ghrá sa dán.

Cuireann an dá líne dheiridh sa dán in iúl na rudaí is tábhachtaí sa ghaol – an aire (attention) agus an cúram (care) a thugann daoine dá chéile (to each other). Is léir mar sin nách duine dáthúil é an fear sa bhealach nósghar coitianta, ach feicimid idir lúibíní cad é fíor-thábhachtach (truly important), láiocht (kindness) agus macántacht (honesty) : “Tugann sé dom úlla (is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar caora finíúna)”.